Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14182/23

LIMITE

UD 223
POLCOM 241

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0351(NLE)**

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 579 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le moladh a ghlacadh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go leictreonach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 579 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 579 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 12.10.2023
COM(2023) 579 final

2023/0351 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le moladh a ghlacadh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go leictreonach**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('Comhchoiste UEM') i ndáil le Moladh ó Chomhchoiste UEM a bheartaítear a ghlacadh a mhéid a bhaineann le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go leictreonach.

PUBLIC

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara

Leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('Coinbhinsiún UEM') leagtar síos forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na Comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha.

Le córas charnadh tionscnaimh Uile-Eora-Mheánmhara, is féidir carnadh trasnánach a chur i bhfeidhm idir 25 Pháirtí Chonarthacha an Choinbhinsiúin: an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis, an Ailgéir, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, an Phalaistín[1], an tSiria, an Túinéis, an Tuirc, an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró, an tSeirbia, an Chosaiv[2], Oileáin Fharó, Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia agus an Úcráin. Leagtar síos leis creat iltaobhach de rialacha tionscnaimh le haghaidh líonra Comhaontuithe Saorthrádála agus tá feidhm aige gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe sin. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012.

Is páirtí sa Choinbhinsiún é an tAontas Eorpach[3].

### 2.2. Comhchoiste UEM

Comhchoiste UEM a bunaíodh le hAirteagal 3(1) den Choinbhinsiún, glacann sé leasuithe ar an gCoinbhinsiún, riarann sé é agus áirithíonn sé go gcuirtear chun feidhme go cuí é. I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste UEM, glactar Cinntí an Chomhchoiste trí vóta d'aon toil idir na Páirtithe Conarthacha ar ina leith a tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm, agus atá i láthair nó a ndéantar ionadaíocht thar a gceann ag cruinniú Chomhchoiste UEM.

Tá cearta vótála ag na Páirtithe Conarthacha ar ina leith a tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm. Tá vóta amháin ag gach Páirtí Conarthach.

### 2.3. An gníomh de chuid Comhchoiste UEM atá beartaithe

An 29 Samhain 2023, le linn 15ú cruinniú Chomhchoiste UEM, tá an comhchoiste le moladh a ghlacadh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go leictreonach ('an gníomh atá beartaithe').

---

1 Ní fhorléireofar leis an ainmniú seo go n-aithnítear Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an gceist sin.

2 Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244 agus tuairim CBI maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.

3 IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe a mholadh go nglacfar le deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go leictreonach faoi chuimsiú Choinbhinsiún UEM maidir le rialacha tionscnaimh.

I gcomhthéacs COVID-19, d'eisigh seirbhísí an Choimisiúin Nóta Faisnéise Uimh. 1[4] dár dáta an 31 Márta 2020 inar iarradh ar chomhpháirtithe uile UEM glacadh le cóipeanna leictreonacha de chruthúnais tionscnaimh. Tá sé d'aidhm ag moladh Chomhchoiste UEM atá ann faoi láthair na solúbthachtaí a tugadh isteach le Nóta Faisnéise Uimh. 1 a choinneáil ar bun. Meastar go gcomhaontóidh na Páirtithe Conarthacha uile i gCoinbhinsiún UEM deimhnithe gluaiseachta a úsáid faoi chuimsiú Choinbhinsiún UEM.

PUBLIC

Beidh feidhm ag an ngníomh atá beartaithe sna páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Choinbhinsiún UEM, lena ndéantar foráil maidir leis an méid seo a leanas: 'Beidh sé de fhreagracht ar an gComhchoiste an Coinbhinsiún seo a riar agus a chur chun feidhme cuí a áirithiú. Chun na críche sin, cuirfidh na Páirtithe Conarthacha ar an eolas é go tráthrialta faoin taithí a bheidh acu agus an Coinbhinsiún seo á chur i bhfeidhm acu. Déanfaidh an Comhchoiste moltaí [...]'.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ag tús na bliana 2020, chuir seirbhísí an Choimisiúin na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún UEM ar an eolas faoina dodhéanta a bhíonn sé do thromlach na gcomhpháirtithe trádála deimhnithe gluaiseachta a sholáthar chun críoch tionscnaimh fhabhraigh i bhfoirm chuí (i.e. lámhscríofa agus sínithe, stampáilte le dúch fliuch nó san fhormáid cheart páipéir), toisc gur cuireadh teagmhálacha ar fionraí idir údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha i roinnt Páirtithe Conarthacha mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Glacadh bearta eisceachtúla ar bhonn cómhalartach chun a áirithiú go gcuirfí na socruithe chun feidhme ina n-iomláine. Iarradh ar na húdaráis chustaim glacadh le deimhnithe gluaiseachta chun críoch fabhrach, ar deimhnithe iad a eisiatar go leictreonach agus síniú digiteach , stampa digiteach nó séala digiteach de chuid na n-údarás inniúil orthu, nó cóip díobh i bhfoirm páipéir nó leictreonach (arna scanadh nó iad le bheith ar fáil ar líne).

Aithníonn na Páirtithe Conarthacha an tairbhe a bhaineann le taithí na trádála fabhraí faoi na bearta eisceachtúla a glacadh mar gheall ar phaindéim COVID-19. Bhí suim ag na Páirtithe Conarthacha leanúint de na dea-chleachtais a tugadh isteach faoi na bearta eisceachtúla le linn phaindéim COVID-19, lenar aithníodh an tábhacht a bhaineann le modhanna leictreonacha a thabhairt isteach agus oibriú i gcomhar le chéile i dtreo córas comhchoiteann a bheidh bunaithe ar chruthúnais leictreonacha tionscnaimh agus ar chomhar riaracháin leictreonach laistigh de réigiún UEM.

Ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann, tá líonra de phrótacail dhéthaobhacha maidir le rialacha tionscnaimh idir an tAontas agus Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún UEM tar éis teacht i bhfeidhm cheana féin, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag na rialacha Idirthréimhseacha. A bhuí leis na rialacha sin, is féidir deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go leictreonach a úsáid. Go dtí go nglacfar Coinbhinsiún athbhreithnithe UEM i measc na bPáirtithe Conarthacha uile, tá feidhm ag na rialacha Idirthréimhseacha i gcomhthreo le Coinbhinsiún UEM

4 https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2020-03/200331-information_note_certificates_en_and_fr.pdf

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar 'na seasaimh a atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[5].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste UEM a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara.

Is gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis é an gníomh a n-iarrtar ar Chomhchoiste UEM a ghlacadh. Beidh feidhm ag an ngníomh atá beartaithe sna páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus Airteagal 4(2)(b) de Choinbhinsiún UEM.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe i leith an tseasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is iad Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

---

5 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.



PUBLIC

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go mbeidh an gníomh ó Chomhchoiste UEM infheidhme ag na Páirtithe Conarthacha uile lena n-áirítear an tAontas agus a Bhallstáit, tá sé iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a fhoilsithe.

PUBLIC

2023/0351 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le moladh a ghlacadh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go leictreonach**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh 2013/93/AE ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm maidir leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012.

(2) De bhun Airteagal 4(1) agus Airteagal 4(2)(b) de Choinbhinsiún UEM, déanfaidh an Comhchoiste moltaí chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go cuí é.

(3) Ag tús na bliana 2020, chuir seirbhísí an Choimisiúin na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún UEM ar an eolas faoina dodhéanta a bhíonn sé do thromlach na gcomhpháirtithe trádála deimhnithe gluaiseachta a sholáthar chun críoch tionscnaimh fhabhraigh i bhfoirm chuí (i.e. lámhscríofa agus sínithe, stampáilte le dúch fliuch nó san fhormáid cheart páipéir), toisc gur cuireadh teagmhálacha ar fionraí idir údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha i roinnt Páirtithe Conarthacha mar gheall ar phaindéim COVID-19.

(4) Glacadh bearta eisceachtúla ar bhonn cómhalartach chun a áirithiú go gcuirfí na socruithe chun feidhme ina n-iomláine. Iarradh ar na húdaráis chustaim glacadh le deimhnithe gluaiseachta chun críoch fabhrach, ar deimhnithe iad a eisiatar go leictreonach agus síniú digiteach , stampa digiteach nó séala digiteach de chuid na n-údarás inniúil orthu, nó cóip díobh i bhfoirm páipéir nó leictreonach (arna scanadh nó iad le bheith ar fáil ar líne).

(5) Aithníonn na Páirtithe Conarthacha an tairbhe a bhaineann le taithí na trádála fabhraí faoi na bearta eisceachtúla a glacadh mar gheall ar phaindéim COVID-19. Bhí suim ag na Páirtithe Conarthacha leanúint de na dea-chleachtais a tugadh isteach faoi na bearta eisceachtúla le linn phaindéim COVID-19, lenar aithníodh an tábhacht a bhaineann le modhanna leictreonacha a thabhairt isteach agus oibriú i gcomhar le chéile i dtreo córas comhchoiteann a bheidh bunaithe ar chruthúnais leictreonacha tionscnaimh agus ar chomhar riaracháin leictreonach laistigh de réigiún UEM.

(6) Ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann, tá líonra de phrótacail dhéthaobhacha maidir le rialacha tionscnaimh idir an tAontas agus Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún UEM tar éis teacht i bhfeidhm cheana féin, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag na rialacha Idirthréimhseacha. Leis na rialacha sin is féidir deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go

leictreonach a úsáid. Go dtí go nglacfar Coinbhinsiún athbhreithnithe UEM i measc na bPáirtithe Conarthacha uile, tá feidhm ag na rialacha Idirthréimhseacha i gcomhthreo le Coinbhinsiún UEM.

(7) Chun comhsheasmhacht a áirithiú i measc an dá shraith rialacha tionscnaimh is infheidhme go comhthreomhar agus go dtí go nglacfar Coinbhinsiún athbhreithnithe UEM a chuirfear in ionad an dá shraith rialacha tionscnaimh, is iomchuí a mholadh go nglacfaí le deimhnithe gluaiseachta arna n-eisiúint go leictreonach, faoi chuimsiú Choinbhinsiún UEM,

(8) Le linn cruinniú an Chomhchoiste an 29 Samhain 2023, meastar go nglacfaidh an Comhchoiste Moladh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go leictreonach.

(9) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos, ós rud é go mbeidh an Moladh infheidhme san Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, beidh sé bunaithe ar an Dréachtmholadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gcinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC